**Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú**

►B

# ►M1 CINNEADH (AE) 2020/721 ÓNg COMHAIRLE

**an 19 Bealtaine 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 75ú seisiún agus sa Choiste Muir-Shábháilteachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 102ú seisiún i dtaca le glacadh leasuithe ar rialacháin 2, 14 agus 18 agus foscríbhinní I agus VI d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, leasuithe ar Chodanna A-1, B, B-1, B-2 go B-4 de Chaibidil II-1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, leasuithe ar Chodanna A-1 agus B-1 den Chód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe Eile agus leasuithe ar rún A.658(16) maidir le húsáid agus feistiú na n-ábhar ais-fhrithchaiteach ar fhearais tarrthála, agus maidir le formheas chiorclán MSC-MEPC.5 i dtaca le Samhail-Chomhaontú maidir le húdarú eagraíochtaí aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Chórais Riaracháin; ◄**

(IO L 171, 2.6.2020, lch. 1)

Arna leasú le:

| | | Iris Oifigiúil | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimh | Leathanach | Dáta |
| ►M1 | Cinneadh (AE) 2020/1580 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 | L 362 | 15 | 30.10.2020 |

▼B

▼M1

**CINNEADH (AE) 2020/721 ÓNg COMHAIRLE**

**an 19 Bealtaine 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 75ú seisiún agus sa Choiste Muir-Shábháilteachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 102ú seisiún i dtaca le glacadh leasuithe ar rialacháin 2, 14 agus 18 agus foscríbhinní I agus VI d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, leasuithe ar Chodanna A-1, B, B-1, B-2 go B-4 de Chaibidil II-1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, leasuithe ar Chodanna A-1 agus B-1 den Chód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe Eile agus leasuithe ar rún A.658(16) maidir le húsáid agus feistiú na n-ábhar ais-fhrithchaiteach ar fhearais tarrthála, agus maidir le formheas chiorclán MSC-MEPC.5 i dtaca le Samhail-Chomhaontú maidir le húdarú eagraíochtaí aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Chórais Riaracháin;**

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um Chaomhnú an Chomhshaoil na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, le linn an 75ú seisiún de, tacú le glacadh na leasuithe ar rialacháin 2, 14 agus 18 agus ar fhoscríbhinní I agus VI de Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, mar a leagtar síos iad san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad MEPC 75/3 de chuid IMO, agus tacú le formheas chiorclán MSC-MEPC.5 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le doiciméad III 6/15 IMO. Cumhdaítear leis an seasamh sin na leasuithe agus an ciorclán lena mbaineann a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a d'fhéadfadh na leasuithe agus an ciorclán sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais.

*Airteagal 2*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, le linn an 102ú seisiún de, ciorclán MSC-MEPC.5 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le doiciméad III 6/15 IMO, agus tacú le glacadh na leasuithe ar an méid seo a leanas:

(a) Codanna A-1, B, B-1, B-2 go B-4 de Chaibidil II-1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, mar a leagtar síos iad in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le doiciméad MSC 102/3 de chuid IMO;

(b) Codanna A-1 agus B-1 den Chód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe Eile, mar a leagtar síos iad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le doiciméad MSC 102/3 de chuid IMO;

(c) rún A.658(16) maidir le húsáid agus feistiú na n-ábhar ais-fhrithchaiteach ar fhearais tarrthála.

▼**M1**

2. Cumhdaítear leis an seasamh dá dtagraítear i mír 1 an ciorclán agus na leasuithe lena mbaineann a mhéid a thagann an ciorclán sin agus na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais.

▼**B**

*Airteagal 3*

1. Is iad na Ballstáit, ar comhaltaí iad uile de IMO, atá chun na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagail 1 agus 2, a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach ar mhaithe le leasanna an Aontais.

2. Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 gan cinneadh eile ón gComhairle.

▼**M1**

*Airteagal 4*

Údaraítear leis seo do na Ballstáit a dtoiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal, chun leasanna an Aontais, ag na leasuithe agus an ciorclán dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2, a mhéid a thagann na leasuithe agus an ciorclán sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

▼**B**

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.